2024/848

15.3.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/848 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táillí na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí a choigeartú i bhfianaise an ráta boilscithe le héifeacht ón 1 Aibreán 2024

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle an 10 Feabhra 1995 maidir leis na táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte ([1]), agus go háirithe Airteagal 12, an cúigiú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 67(3) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), is éard atá in ioncam na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí go háirithe ranníocaíocht ón Aontas agus táillí a íocann gnóthais leis an nGníomhaireacht sin. Leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 297/95 catagóirí agus leibhéil na dtáillí sin.

(2) Ba cheart na táillí a athbhreithniú agus a nuashonrú faoi threoir ráta boilscithe 2023 arna fhoilsiú ag Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh ([3]). Ba é 3,4 % an ráta boilscithe a bhí san Aontas in 2023.

(3) Ar mhaithe le simplíocht, ba cheart leibhéil choigeartaithe na dtáillí a shlánú go dtí an EUR 100 is gaire.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 297/95 a leasú dá réir sin.

(5) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hiarratais bhailí atá ar feitheamh an 1 Aibreán 2024.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 297/95, tá an nuashonrú le déanamh le héifeacht ón 1 Aibreán 2024. Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm mar ábhar práinne agus go mbeadh feidhm aige ón dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

leasaítear Rialachán (CE) 297/95 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 357 600’ in ionad ‘EUR 345 800’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 36 000’ in ionad ‘EUR 34 800’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

([1]) IO L 35, 15.2.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/297/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj).

([3]) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/2995521/18343103/2-17012024-AP-EN.pdf/9d885442-f323-cdde-e149-17ed99a63a6f.

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 138 700’ in ionad ‘EUR 134 100’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 231 200’ in ionad ‘EUR 223 600’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 13 900’ in ionad ‘EUR 13 400’;

— sa cheathrú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(iii) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 107 300’ in ionad ‘EUR 103 800’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 27 100 go EUR 80 500’ in ionad ‘EUR 26 200 go EUR 77 900’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

— cuirtear ‘EUR 4 000’ in ionad ‘EUR 3 900’;

— cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 107 300’ in ionad ‘EUR 103 800’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 27 100 go EUR 80 500’ in ionad ‘EUR 26 200 go EUR 77 900’;

(c) i mír 3, cuirtear ‘EUR 17 600’ in ionad ‘EUR 17 000’;

(d) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 27 100’ in ionad ‘EUR 26 200’;

(e) i mír 5, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(f) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 128 100’ in ionad ‘EUR 123 900’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 31 800 go EUR 96 000’ in ionad ‘EUR 30 800 go EUR 92 800’;

(2) in Airteagal 4, an chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 88 900’ in ionad ‘EUR 86 000’;

(3) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 178 900’ in ionad ‘EUR 173 000’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 17 600’ in ionad ‘EUR 17 000’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

— leasaítear an ceathrú fomhír mar a leanas:

— cuirtear ‘EUR 88 900’ in ionad ‘EUR 86 000’;

— cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

— sa chéad fomhír, cuirtear ‘EUR 88 900’ in ionad ‘EUR 86 000’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 151 200’ in ionad ‘EUR 146 200’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 17 600’ in ionad ‘EUR 17 000’;

— sa cheathrú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

— leasaítear an cúigiú fomhír mar a leanas:

— cuirtear ‘EUR 44 800’ in ionad ‘EUR 43 300’;

— cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(iii) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 44 800’ in ionad ‘EUR 43 300’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 11 100 go EUR 33 700’ in ionad ‘EUR 10 700 go EUR 32 600’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

— cuirtear ‘EUR 4 000’ in ionad ‘EUR 3 900’;

— cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(ii) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

— sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 53 600’ in ionad ‘EUR 51 800’;

— sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 13 400 go EUR 40 400’ in ionad ‘EUR 13 000 go EUR 39 100’;

— sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(c) i mír 3, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(d) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 27 100’ in ionad ‘EUR 26 200’;

(e) i mír 5, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’;

(f) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 42 900’ in ionad ‘EUR 41 500’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 10 500 go EUR 31 800’ in ionad ‘EUR 10 200 go EUR 30 800’;

(4) in Airteagal 6, an chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 53 600’ in ionad ‘EUR 51 800’;

(5) leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 88 900’ in ionad ‘EUR 86 000’;

(b) sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 27 100’ in ionad ‘EUR 26 200’;

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 107 300’ in ionad ‘EUR 103 800’;

(ii) sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 53 600’ in ionad ‘EUR 51 800’;

(iii) sa cheathrú fomhír, cuirtear ‘EUR 27 100 go EUR 80 500’ in ionad ‘EUR 26 200 go EUR 77 900’;

(iv) sa chúigiú fomhír, cuirtear ‘EUR 13 400 go EUR 40 400’ in ionad ‘EUR 13 000 go EUR 39 100’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear ‘EUR 357 600’ in ionad ‘EUR 345 800’;

(ii) sa tríú fomhír, cuirtear ‘EUR 178 900’ in ionad ‘EUR 173 000’;

(iii) sa chúigiú fomhír, cuirtear ‘EUR 4 000 go EUR 308 100’ in ionad ‘EUR 3 900 go EUR 298 000’;

(iv) sa séú fomhír, cuirtear ‘EUR 4 000 go EUR 154 300’ in ionad ‘EUR 3 900 go EUR 149 200’;

(c) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear ‘EUR 8 900’ in ionad ‘EUR 8 600’.

Airteagal 2

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiarratais bhailí atá ar feitheamh an 1 Aibreán 2024.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN